




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Sleamhnán tosaigh do chur i láthair  Ailgéabar Chéim 4– Sloinn agus Cothromóidí




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Forléargas a thabhairt ar shnáithe an Ailgéabair

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Téigh go dtí leathanach 19 de cháipéis an churaclaim
- Tá dhá shnáithaonad laistigh de shnáithe an Ailgéabair.
- Céim 1 go Céim 4: Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa
- Ó Chéim 2 ar aghaidh: Sloinn agus Cothromóidí
- Cén fáth a gcuirtear na snáithaonaid i láthair ar an mbealach seo?
- Bíonn scoláirí níos óige fós ag forbairt a gcuid scileanna smaointeoireacht theibí. Tá an fócas ar bhunús láidir a thógáil i bpatrúin mar go mbaineann cuid mhór d’Ailgéabar le patrún ar bhealach amháin nó ar bhealach eile, ó phatrúin a dhéanamh agus cur síos a thabhairt

orthu, go rialacha a dhéanamh agus rialacha ginearálta a aimsiú chun riail a dhéanamh chun torthaí patrún a thuar. Intuigthe sa mhéid sin atá coincheap na ngaol. De réir mar a théann scoláirí ar aghaidh tríd an gcuraclam, cuirfear coincheapa ailgéabracha os a gcomhair de réir a chéile, lena n-áirítear sloinn agus cothromóidí, ar bhealach a thógann ar a gcuid eolais agus ar na scileanna atá acu cheana féin.

# Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa
## Dul Chun Cinn Thar na gCéimeanna

| Torthaí Foghlama don Snáithaonad 'Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa' | | | |
|---|---|---|---|
| Céim 1: Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | Céim 2: Rang a haon agus a dó | Céim 3: Rang a trí agus a ceathair | Céim 4: Rang a cúig agus a sé |
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann* | | | |
| patrúin agus seichimh a **fhiosrú, a leathnú agus a chruthú.** | **coibhneasa** i bpatrúin a **shainaithint agus a chur in iúl**, lena n-áirítear patrúin chrutha atá **ag fás nó ag laghdú** agus seichimh uimhreacha. | **na rialacha a shainaithint** a dhéanann cur síos ar struchtúr an phátrúin agus na rialacha seo a úsáid chun **tuartha a dhéanamh.**<br><br>na coibhneasa idir cáinníochtaí **a léiriú.** | **ginearálaithe a shainaithint, a mhíniú agus a chur i bhfeidhm,** lena n-áirítear na hairíonna a bhaineann le hoibríochtaí, samhlacha matamaiticiúla agus patrúin.<br><br>struchtúir mhatamaiticiúla **a chur i láthair ar roinnt bealaí,** lena n-áirítear léirithe ó bhéal, léaráidí agus léirithe siombalacha. |

L.19

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn thar na céimeanna sa snáithaonad Patrúin, Rialacha agus Coibhneasa.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tabhair faoi deara an dul chun cinn ar feadh na gcéimeanna.
- Tabhair do d'aire conas a fhorbraítear teanga, eolas agus scileanna ó chéimeanna 1 go 4
- Tá eolas ar dhul chun cinn riachtanach ionas gur féidir linn ár dteagasc a oiriúnú agus a leathnú bunaithe ar an eolas a bhíonn againn ar na páistí os ár gcomhair.
- Ag breathnú ar na torthaí foghlama, is féidir linn a fheiceáil conas a thógann gach céim ar an gceann roimpi, ag cothú tuiscint shaibhir ar

shiombailí agus ar a dtábhacht mhatamaiticiúil.

- Baineann an t-ailgéabar le gach snáithe den churaclam seo agus is é atá i gcroílár na matamaitice.
- Tá dhá chineál ailgéabair ann, ailgéabar foirmiúil (cothromóidí) agus smaointeoireacht / réasúnaíocht ailgéabrach.
- Go dtí seo, is ar dhul isteach san iar-bhunscoil a tháinig muid ar ailgéabar foirmiúil agus go ginearálta ní raibh aon tuiscint/taithí bhunúsach againn ar smaointeoireacht ailgéabrach.
- In ailgéabar sa bhunscoil, is ar fhorbairt na smaointeoireachta ailgéabraí a ba chóir go gcuirfí an bhéim.
- Tá smaointeoireacht ailgéabrach riachtanach do dhaltaí le go rachaidh siad i ngleic go fiúntach le hailgéabar foirmiúil.

# Sloinn & Cothromóidí
## Dul Chun Cinn Thar na gCéimeanna

| Torthaí Foghlama don Snáithaonad 'Sloinn agus Cothromóidí' | | | |
|---|---|---|---|
| **Céim 1:** Naíonáin shóisearacha agus shinsearacha | **Céim 2:** Rang a haon agus a dó | **Céim 3:** Rang a trí agus a ceathair | **Céim 4:** Rang a cúig agus a sé |
| *Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann* | | | |
| | míniú na **siombailí** nó na **bpictiúr a léirmhíniú** in uimhir-abairtí. | fadhbanna a bhfuil **luachanna aithnide agus neamhaithnide** acu a **chur i láthair** agus a **chur in iúl** ar bhealaí éagsúla lena n-áirítear **siombailí litreach nó focail** chuí. | cásanna matamaiticiúla **a chur in iúl, a léiriú agus a réiteach** trí úsáid a bhaint as **sloinn agus cothromóidí** a bhfuil **siombailí litreach** iontu. |

5 – 7

L.19

**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Iniúchadh a dhéanamh ar an dul chun cinn thar na céimeanna sa snáithaonad Sloinn & Cothromóidí

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tabhair faoi deara an dul chun cinn ar feadh na gcéimeanna.
- Tabhair do d'aire conas a fhorbraítear teanga, eolas agus scileanna ó chéimeanna 1 go 4
- Tá eolas ar dhul chun cinn riachtanach ionas gur féidir linn ár dteagasc a oiriúnú agus a leathnú bunaithe ar an eolas a bhíonn againn ar na páistí os ár gcomhair.
- Ag breathnú ar na torthaí foghlama, is féidir linn a fheiceáil conas a thógann gach céim ar an gceann roimpi, ag cothú tuiscint shaibhir ar

shiombailí agus ar a dtábhacht mhatamaiticiúil.

- Baineann an t-ailgéabar le gach snáithe den churaclam seo agus is é atá i gcroílár na matamaitice.
- Tá dhá chineál ailgéabair ann, ailgéabar foirmiúil (cothromóidí) agus smaointeoireacht / réasúnaíocht ailgéabrach.
- Go dtí seo, is ar dhul isteach san iar-bhunscoil a tháinig muid ar ailgéabar foirmiúil agus go ginearálta ní raibh aon tuiscint/taithí bhunúsach againn ar smaointeoireacht ailgéabrach.
- In ailgéabar sa bhunscoil, is ar fhorbairt na smaointeoireachta ailgéabraí a ba chóir go gcuirfí an bhéim.
- Tá smaointeoireacht ailgéabrach riachtanach do dhaltaí le go rachaidh siad i ngleic go fiúntach le hailgéabar foirmiúil.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Dul i mbun tasc matamaitice a chuireann caint mhata chun cinn bunaithe ar Ailgéabar

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Gníomhaíochtaí atá oiriúnach do gach aoisghrúpa is ea na cinn “i gcónaí, uaireanta, ariamh”. Iarrtar ar fhoghlaimeoirí a réasúnaíocht a úsáid chun cinneadh a dhéanamh cé acu atá ráitis mhatamaiticiúla fíor i gcónaí, fíor uaireanta nó nach bhfuil siad fíor ariamh. Ba chóir dóibh samplaí a sholáthar ansin chun a chruthú nuair a bhíonn ráitis fíor i gcónaí, fíor uaireanta nó nach mbíonn siad fíor ariamh.
- Cabhróidh sé seo le foghlaimeoirí ráitis mhatamaiticiúla a scrúdú go criticiúil agus a aithint cén uair a bhíonn feidhm leo.
- Thiocfadh leo seo a bheith i measc na bpríomhcheisteanna:

- *An bhfuil an ráiteas seo fíor i gcónaí,  fíor uaireanta nó nach bhfuil sé fíor ariamh?*
- *Cén fáth ar shíl tú go raibh an ráiteas fíor i gcónaí,  fíor uaireanta nó nach raibh sé fíor ariamh ?*
- *An raibh a mhalairt de smaoineamh ag aon duine?*
- *An féidir leat smaoineamh ar am nuair nach bhfuil an ráiteas seo fíor?*
- *An féidir leat a chruthú go bhfuil sé fíor i gcónaí, uaireanta nó nach bhfuil sé fíor ariamh ?*
- *Má tá an ráiteas fíor uaireanta, an féidir leat sampla a thabhairt d'uair atá sé fíor agus d'uair nach bhfuil sé fíor?*

- Úsáid an cód MF ar an sleamhnán chun níos mó samplaí de I gCónaí, Uaireanta, Ariamh a fháil sa rannóg Mion-Mata de pmc.oide.ie

# Toradh Foghlama
## Ullmhúchán Taifeadta

**Toradh Foghlama:**
*Trí eispéiris chuí foghlama spraíúla agus tharraingteacha, ba cheart go mbeadh páistí in ann..*
*cásanna matamaiticiúla a chur in iúl, a léiriú agus a réiteach trí úsáid a bhaint as sloinn agus cothromóidí a bhfuil siombailí litreach iontu.*







**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Aird a tharraingt ar an toradh foghlama mar phointe tosaigh le haghaidh ullmhúcháin don teagasc agus don fhoghlaim

**Nótaí don mhúinteoir:**

- Is é seo an toradh foghlama d'Ailgéabar Chéim 4 (Sloinn agus Cothromóidí)
- Baineann go leor páistí taitneamh as an matamaitic sa bhunscoil, agus bíonn rath orthu sa bhunscoil, go dtí go dtugtar isteach siombailí teibí is gá dóibh a ionramháil sa mheánscoil.
- Is foirm léirithe é an t-ailgéabar; Is bealach é chun cumarsáid a dhéanamh.
- Má tá mé chun rud éigin a chur in iúl, caithfidh mé a thuiscint cad é an rud é. Níor chóir go gcuirfí a + b = b + a i láthair páistí go dtí gur láidir an

tuiscint a bhíonn acu ar choibhéis, na hairíonna bunúsacha ( cómhalartach ...) agus cén fáth agus cén chaoi a n-úsáidimid siombailí.

- Forbraíonn sé seo le himeacht ama.
- In thart ar 70% de na ceisteanna i scrúdú matamaitice na Sraithe Sóisearaí éilítear tuiscint ar an ailgéabar. Níl ansin ach 3 bliana ón uair a imíonn siad uainn sa mbunscoil!
- Príomhthorthaí na Gluaiseachta Luath-Ailgéabair
  - Siombailí a Thuiscint sa Mhatamaitic - Is ionann siombailí a úsáid sa mhatamaitic agus teanga a úsáid. Caithfidh daltaí tuiscint a fháil ar bhrí na siombailí seo. Tá níos mó i gceist leis sin ná rialacha a chur de ghlanmheabhair, cuir i gcás $a + b = b + a$ nó réiteach le haghaidh $x$ i gcothromóidí amhail $3x + 7 = 34$.
  - Tógann an fhoghlaim am - Tógann sé am agus cleachtadh chun ailgéabar a thuiscint. Teastaíonn go leor deiseanna ó dhaltaí a gcuid smaointe faoi mhatamaitic a chloisteáil, a fheiceáil agus a chur in iúl.
  - An Méid Is Gá Do Dhaltaí A Fhoghlaim - Ba chóir do pháistí an smaoineamh ar choibhéis a thuiscint, rud a chiallaíonn go mbíonn a fhios acu nuair is comhionann dhá shlonn. Tá sé tábhachtach go mbeadh a fhios ag daltaí cén fáth a n-úsáidimid siombailí sa mhatamaitic agus conas a chabhraíonn siad linn fadhbanna a réiteach.

# Coincheapa
## Céim 4

Oide

| Céim 4 (Rang a Cúig agus a Sé) | |
|---|---|
| Torthaí Foghlama | cásanna matamaiticiúla a chur in iúl, a léiriú agus a réiteach trí úsáid a bhaint as sloinn agus cothromóidí a bhfuil siombailí litreach iontu. |
| Coincheapa matamaiticiúla | Is féidir cás gnáthshaoil a léiriú le slonn nó sraith slonn. |
| | D'fhéadfadh go mbeadh níos mó ná uimhir neamhaithnid amháin nó athróg amháin ag slonn. Ní mór gach uimhir neamhaithnid nó athróg a léiriú le siombail faoi leith. |
| | Agus slonn á chruthú chun cás gnáthshaoil a léiriú, féadfar slonn fada nó casta a shimpliú agus is féidir leis sin a bheith úsáideach. |
| | Agus cothromóid á 'réiteach' ní mór na luach(anna) a fháil amach don tsiombail atá i gceist a fhágann go bhfuil an chothromóid fíor. |

**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Aird a tharraingt ar na Coincheapa Matamaitice atá mar bhonn faoin toradh foghlama do Shloinn agus Cothromóidí Chéim 4

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is iad na Coincheapa Matamaitice na príomhsmaointe matamaitice atá mar bhonn faoi gach toradh foghlama.
- Bheadh na Coincheapa Matamaitice úsáideach chun Fócas a aithint don Fhoghlaim Nua agus tú ag ullmhú don teagasc agus don fhoghlaim
- Tóg cúpla nóiméad chun na Torthaí Foghlama agus na Coincheapa Matamaitice ar Shraith Uirlisí Matamaitice CNCM a iniúchadh tríd an gcód MF thuas a úsáid.

## Coibhéis

Cothrom le =
**Coibhneasta:** mar an gcéanna nó comhionann le
**i bhfeidhm**: Tá gníomh de shaghas éigin ag teastáil, m.sh., ‘a móide b is ea c’, ‘leanann’, ‘scríobh rud éigin’




$$8 + 4 = \square + 5$$

**Cuspóir an tsleamhnáin:**


Coincheap na coibhéise a thabhairt isteach agus aird a tharraingt ar thábhacht na teanga

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Arís agus arís eile fuarthas amach i staidéir gur lú ná 10% de leanaí idir 6-12 bliana d'aois a n-éiríonn leo an chothromóid seo a chríochnú mar is ceart..
- I staidéar amháin in 1999, níor réitigh duine ar bith de 145 rannpháirtí 12 bliana d'aois mar is ceart í (Faulkner, Levi & Carpenter, 1999).
- Tumtar na scoláirí i leithéidí 3x8=__; 6+2=__ agus éiríonn sé ina rud nádúrtha a cheapadh "tagann an freagra ina dhiaidh".
- Is mór an fhadhb a bhaineann leis an míthuiscint seo nuair a thagann daltaí ar nathanna agus ar chothromóidí casta sa bhunscoil shinsearach

agus sa mheánscoil.

- Is eolas riachtanach don ailgéabar é cúrsaí coibhéise a thuiscint. Caithfidh páistí tuiscint choibhneasta a fhorbairt ar chothroime.
- Léirmhíníonn go leor daltaí an comhartha = mar 'déanann' nó mar threoir chun 'an freagra a fháil'. Tá sé tábhachtach a chur in luí orthu go láidir go gciallaíonn an comhartha seo = 'cothrom le' agus go taispeánann sé gurb í an uimhir chéanna atá á léiriú ar dhá thaobh na cothromóide.
- Úsáid an cód MF ar an scáileán nó an nasc seo https://polypad.amplify.com/p/c7nvBuCCdXaIpw chun an mheá ar polypad Amplify a úsáid chun cabhrú leis an gcoincheap sin a fhorbairt.




**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Dul i mbun tasc matamaitice a leagann béim ar ghné choibhnis an chomhartha 'cothrom le'

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is tasc ceannoscailte é seo le hiliomad réiteach agus e hiliomad bealaí réitigh.
- TASC:
    - Úsáid na digití thuas chun cothromóid a chruthú. Is féidir nialas a chur isteach freisin.
    - Is féidir leis an dalta a bheith ag obair le comhpháirtí/grúpa ar an tasc agus acmhainní dá rogha féin a úsáid.
    - Cuireann an múinteoir caint mhata chun cinn trí fhiafraí de na páistí

conas a chuaigh siad i gceann an taisc.

- Is féidir an tasc seo a oiriúnú/idirdhealú do leibhéil éagsúla céime. Mar shampla, __ + ___ = 8 agus is féidir leis na páistí teacht ar na réitigh éagsúla ar an tasc.
- Is féidir an tasc a dhéanamh níos dúshlánaí trí gach digit a úsáid uair amháin go díreach.

# Open Middle

## Cothromóidí Iarmhéid

Oide

### Cothromóid Chothromaithe

**Úsáid na hoibríochta + × − ÷ agus an comhartha = chun cothromóidí a scríobh.**
**Is féidir na oibríochta a úsáid níos mó ná uair amháin.**

**Cad é an luach is lú do gach cuid den chothromóid?**
**Cad é an luach is mó do gach cuid den chothromóid?**

**2 ☐ (3 ☐ 7 ☐ 9) = (1 ☐ 5) ☐ (8 ☐ 4)**

**An féidir leat an chothromóid a chomhlánú ag úsáid gach siombail?**

Oiriúnaithe ó: https://www.openmiddle.com/operation-symbols/

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Sampla de thasc matamaitice a chur ar fáil a leagann béim ar ghné choibhnis an chomhartha ‘cothrom le’

**Nótaí do mhúinteoirí:**


Is tasc ceannoscailte é seo le hiliomad réiteach agus e hiliomad bealaí réitigh.

## Athróga

Oide

### Tarraingt na Téide - Foirne Cothroma

Chuaigh sionnach amháin, 6 iora agus 4 turtar go dtí an pháirc chun tarraingt na téide a imirt. Ní raibh na hainmhithe cinnte conas is féidir leo foirne cothroma a dhéanamh. Bhí an mhais chéanna ag an sionnach le 4 turtar, agus bhí an mhais chéanna ag dhá thurtar le 3 iora. D'úsid siad crandaí bogadaí chun foirne cothroma a chur le chéile.



Cé mhéad meascán éagsúil de dhá fhoireann chothrom is féidir leat a dhéanamh leis na hainmhithe thuas?

Ó: http://www.eworkshop.on.ca/edu/resources/guides/guide_patterning_and_algebra_456.pdf p85

**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Sampla de thasc matamaitice a sholáthar a dhéanann iniúchadh ar athróga agus ar chothroime.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Is tasc ceannoscailte é seo le hiliomad réiteach agus e hiliomad bealaí réitigh.
- Sa ghníomhaíocht foghlama seo, déanann scoláirí iniúchadh ar choincheap na cothroime agus na n-athróg.
- I gcomhthéacs nasc litríochta (féach an nasc chuig an scéal thíos), úsáideann scoláirí siombailí agus litreacha chun mais ainmhithe éagsúla a léiriú agus chun coibhneasa a fhiosrú agus iad a chur in iúl go hailgéabrach. Sainaithníonn scoláirí coibhneasa idir mais na n-ainmhithe agus scríobhann siad cothromóidí a léiríonn foirne cothroma tarraingthe


téide.

- Abair le scoláirí oibriú lena bpáirtnéir chun léaráid nó cothromóid a tharraingt a thaispeánann conas a bhíonn mais na n-ainmhithe sa scéal cothrom. Iarr ar an rang sa gcuid smaointe a chur i gceann a chéile ar bhealaí a léireodh siad gach ainmhí ionas nach gá dóibh gach ainmhí a tharraingt. Is féidir go molfadh scoláirí litreacha, cruthanna, nó grafaicí a úsáid.
- An féidir le daltaí cothromóidí coibhéise eile a chumadh:
  - Sionnaigh agus iorai?
  - Turtair agus iorai?
  - Na trí cinn in aon chothromóid amháin?
- Cuideoidh léirshamhlú le daltaí pictiúr meabhrach a dhéanamh ar a bhfuil ag tarlú. Cabhróidh ábhair nithiúla leo agus tacóidh siad leo é sin a dhéanamh
- De réir mar a thosaíonn na scoláirí ag breacadh a gcuid cothromóidí síos, iarr orthu a gcuid réiteach a mhíniú. Seachain an claonadh scoláirí a threorú chuig cothromóidí ar leith. Is féidir foghlaim níos doimhne a bhaint amach ach cheisteanna mar seo a chur:
  - *Cén chaoi a bhfuil an taobh seo den chomhartha 'cothrom le' cothromaithe leis an taobh eile?*
  - *Níl mé cinnte go dtuigim do chuid smaointeoireachta fós; An féidir leat smaoineamh ar bhealach eile chun a thaispeáint dom?*
  - *Feicim go bhfuil pictiúir tarraingthe agat chun do chothromóidí a thaispeáint; An bhfuil bealach eile ann chun do chuid smaointeoireachta a bhreacadh síos?*
  - *Cén chaoi a bhfuil a fhios agat go bhfuil an chothromóid fíor?*
  - Lean ort ag breathnú ar na scoláirí agus iad ag obair. Glaoigh an grúpa ar ais le chéile nuair a bhraitheann tú go bhfuil na réitigh uile atá siad in ann a chruthú déanta ag na grúpaí.

**Acmhainní atá ag teastáil:**

Is acmhainn iontach é "Equal Shmequal" (Leabhar le Virginia L Kroll) chun coibhéis a iniúchadh.

Tá leagan léamh os ard ar fáil anseo https://www.youtube.com/watch?v=i_-kd0Lv-5E





**Cuspóir an tsleamhnáin:**

Sampla de thasc matamaitice a sholáthar a dhéanann iniúchadh ar chothromóidí ailgéabracha a scríobh a chuimsíonn siombailí litreacha.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Sa ghníomhaíocht foghlama seo, úsáideann scoláirí graif, táblaí luachanna, agus cothromóidí chun costais a chur i gcomparáid ag dhá ionad bhabhlála éagsúla, agus chun a chinneadh cén suíomh a thugann an margadh is fearr.
- Ag úsáid modh smaoineamh-os-ard, cuir na ráitis seo a leanas os comhair an ranga sula dtosóidh na scoláirí ag obair ar an bhfadhb:
    - **"Sílim...."**
- Go bhfuil cothromóid de dhíth orm maidir leis an gcostas a bhaineann le babhláil ag an dá ionad.

- Go bhfuil an costas féin ar cheann de na hathróga. Glaofaidh mé C ar an athróg sin.
    - **"Bím ag fiafraí...."**
- Cad iad na hathróga eile atá ann? Cad iad na litreacha a d'úsáidfinn chun iad a léiriú?
- Cad iad na tairisigh atá ann?
- Conas is féidir liom an chothromóid a scríobh?
- Conas a dhéanfaidh mé tástáil ar an gcothromóid?
- Roinnt moltaí maidir le cothromóidí:
    - Ionad 1: C = €3.50(g) + €3.00 C = Costas, g = líon na gcluichí
    - Ionad 2: C = €4.50(g)
    - Conas a sheiceálfaimid cén t-ionad is fearr luach chun 2,3,4 nó 5 chluiche a imirt ann?




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Tasc atá ar fáil ar mhol CMB (www.pmc.oide.ie) a thabhairt isteach

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Ar an gcaoi chéanna leis an tasc roimhe seo, spreag daltaí chun graif, táblaí luachanna, agus cothromóidí a úsáid chun a fháil amach cé mhéad uair an chloig a d'oibrigh Seán agus Penny ag tabhairt faoi deara nach dtugtar líon na n-uaireanta oibre.
- Roinnt moltaí maidir le cothromóidí:
  - <u>Sean: </u>€15 (u) + €25
  - <u>Penny: </u>€17 (u) - €18
  - Mar sin, €15 (u) + €25 = €17 (u) - €18

# Tasc Oscailte

Oide







- Is féidir le hantalóp rith dhá uair chomh tapa le cangarú.
- Is féidir le réinfhianna rith 4 huaire chomh tapa le luch.
- Is féidir le turtar bogadh sé huaire chomh tapa le seilide.
- Dá mbeadh 100m chun tosaigh ag cangarú thar antalóp, cé a bhuaigh an rás?

**Luasanna**
- antalóp: 28 m/s
- cangarú: 14 m/s
- réinfhianna: 4 m/s
- luch: 1 m/s
- turtar: 3 m/min
- seilide: 0.5 m/min







Íomhánna aimsithe ar: *pixapay.com*

Tasc curtha in oiriúint ó *Patterning and Algebra, Grades 4 to 6*

**Cuspóir an tsleamhnáin**
Tasc ceannoscailte bunaithe ar ailgéabar a iniúchadh

**Nótaí do mhúinteoirí:**


- Smaoinigh ar an tasc seo:
    - *Cad é a shocraíonn gur tasc ceannoscailte é an tasc seo?*
    - *An bhfuil níos mó ná réiteach amháin ann? (ilbhealaí agus ilréitigh)*
    - *An bhfuil sraith rialacha nó gnásanna ann le leanúint?*
    - *Cad é pointe matamaiticiúil an taisc?*
- Is féidir le scoláirí ábhair nithiúla nó láimhseoga digiteacha a tharraingt, a úsáid m.sh. Amplify Polypad chun an tasc a dhéanamh
- Déanann scoláirí luas reatha gach ainmhí a thuar.
- Léirigh na gaoil idir luas reatha na n-ainmhithe agus iarr ar scoláirí é a chur i gcomparáid lena dtuar:
- *Is féidir le hantalóp biorbheannach rith dhá uair níos gasta ná cangarú.*
- *Is féidir le réinfhianna rith 4 huaire níos gasta ná luch tí.*
- *Is féidir le turtar ollmhór bogadh 6 huaire níos gasta ná seilide gairdín."*
- Cuir ceist: "*Cuir i gcás go raibh rás ag antalóp agus cangarú, agus go raibh buntáiste 100 m ag an gcangarú ag an tús. Cé a bhuafadh an rás?"*

- Iarr ar dhaltaí oibriú i mbeirteanna ar an bhfadhb, ansin pléigh smaointe réitigh mar rang iomlán.
- Tarraing aird ar na modhanna éagsúla a úsáideann na daltaí chun anailís a dhéanamh ar an bhfadhb, mar shampla léaráid a tharraingt, T-chairt a dhéanamh, nó rólghlacadh a dhéanamh sa scéal (féach thíos).
- Tabharfaidh na scoláirí faoi deara nár tugadh sonraí maidir le fad an rása.
- Iarr orthu machnamh a dhéanamh ar fhaid éagsúla rásaí chun fáil amach an ndéanann fad difríocht i.e. achar an ráis

Am a thógtar = Fad/Luas

| | 100m | 200m | 300m | 400m | 500m |
|---|---|---|---|---|---|
| Antalóp | 100/28 | 200/28 | 300/28 | 400/28 | 500/28 |
| Cangarú (buntáiste 100m ) | 0 | 100/14 | 200/14 | 300/14 | 400/14 |

- An féidir le daltaí patrún a fheiceáil?
- Cad a tharlóidh thar thréimhse níos faide?
- An féidir linn tábla de rásaí eile a tharraingt idir ainmhithe eile?




**Cuspóir an tsleamhnáin:**
Leideanna athmhachnaimh a sholáthar le húsáid sa rang.

**Nótaí do mhúinteoirí:**

- Tá dialanna úsáideach do mhúinteoirí agus d'fhoghlaimeoirí araon chun dearcadh, eolas agus scileanna a mheas.
- Is féidir le páistí súil a choinneáil ar a gcuid smaointeoireachta agus tuisceana sa dialann.
- Is féidir le tuairimí ginearálta faoin Matamaitic a bheith i ndialanna nó is féidir leo a bheith níos sainiúla agus díriú ar choincheap ar leith.
- Ar an sleamhnán tá dhá leid dialainne is féidir a úsáid sa rang. Díríonn an chéad cheann ar mheon an pháiste agus is féidir é a úsáid i ngach snáithaonad.
- Leideanna dialainne:
    - THUG MÉ FAOI DEARA, FUAIR MÉ AMACH, SHEICEÁIL MÉ, CHRUTHAIGH MÉ...
    - Inniu bhain mé taitneamh as... spreagadh ginearálta chun na páistí a chur ag smaoineamh ar mhatamaitic agus ar na réimsí a mbíonn siad ag fiafraí fúthu.

- Leideanna sonracha bunaithe ar shnáithe....Cé mhéad bealaí inar féidir leat €1 a dhéanamh? Úsáid focail nó líníochtaí chun do chuid smaointeoireachta a mhíniú.

- Úsáid an Cód MF ar an sleamhnán chun na leideanna dialainne thuas a fháil ar Mhol CMB.